Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9927/25**

**SOC 390**
**EMPL 260**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Beilge |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Beilge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas[1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

---

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2024[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2024 go dtí an 24 Meán Fómhair 2026.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Sihame FATTAH a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an mBeilg don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] CINNEADH ón gCOMHAIRLE an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, 2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/oj.

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Marie HANSE ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Sihame FATTAH ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*